2026/802

7.4.2026

CINNEADH (AE) 2026/802 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Márta 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil le cinneadh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil i ndáil le leasuithe ar an bhFoirmhuirear Margaidh-Léiritheach a ríomh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na treoirlínte sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil ('an Socrú'), socrú a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), lena n-áirítear an Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí') a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú, rinneadh iad a thrasuí agus, dá bhrí sin, tá siad ceangailteach ó thaobh dlí san Aontas iad de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(2) I gcomhréir le Roinn 2 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí, tá na Meánraonta Difríochta Creidmheasa ar cheann de na hionchuir is gá chun an Formhuirear Margaidh-Léiritheach a fháil atá le cur i bhfeidhm maidir le ríomh na bPréimhrátaí Íosta le haghaidh idirbhearta atá faoi réir na Tuisceana Earnála maidir le hAerárthaí. Soláthraíodh na sonraí a úsáideadh chun Meánraonta Difríochta Creidmheasa a chinneadh roimhe seo thar Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan. Soláthraítear na sonraí sin thar an Ráta Urraithe Maoinithe Thar Oíche faoi láthair, ó cuireadh deireadh le Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan. Tá luach méadaithe i ndáil le Meánraonta Difríochta Creidmheasa mar thoradh ar an athrú ar an mbonnráta sin a tharla mar gheall ar an aistriú ó Ráta Tairgthe Idirbhainc Londango dtí an an Ráta Urraithe Maoinithe Thar Oíche, rud a ghearrann, dá bhrí sin, pionós ar an bpréimhriosca.

(3) Tá na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí ('na Rannpháirtithe') le cinneadh a dhéanamh, trí nós imeachta i scríbhinn, maidir le leasuithe ar Airteagal 28 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí lena dtabharfaí isteach Raon Coigeartaithe Creidmheasa buan-29 bps maidir leis an bhFormhuirear Margaidh-Léiritheach ('an cinneadh ó na Rannpháirtithe'). Dá bhrí sin, leis na leasuithe sin, chúiteofaí an méadú ar Mheánraonta Difríochta Creidmheasa mar thoradh ar an athrú ar an mbonnráta nuair a aistrítear ó Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan go dtí an Ráta Urraithe Maoinithe Thar Oíche agus sholáthrófaí tuarthacht do mhonaróirí aerárthaí agus d'úsáideoirí eile na Tuisceana Earnála maidir le hAerárthaí.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú le linn an nós imeachta i scríbhinn chun cinneadh na Rannpháirtithe i dtaca le leasuithe ar Airteagal 28 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí a ghlacadh, de bhrí go mbeidh an cinneadh ceangailteach ar an Aontas agus go mbeifear in ann leis tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais a bheith chun tacú leis na leasuithe ar an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí mar a shonraítear iad sa dréachtleasuithe ar Airteagal 28 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le cinneadh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil i ndáil le leasuithe ar an bhFoirmhuirear Margaidh-Léiritheach a ríomh tacú leis na leasuithe ar an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí mar a shonraítear sa dréachtleasuithe ar Airteagal 28 d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an Tuiscint Earnála maidir le hAerárthaí atá i gceangal leis an gCinneadh seo ([2]).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1233/oj).

([2]) Féach doiciméid ST 6599/26 ADD1 ar http://register.consilium.europa.eu.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. DAMIANOS